Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**5671/23**

**ACP 5**
**FIN 72**
**PTOM 1**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE a bhaineann leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i dáil le cur chun feidhme oibríochtaí an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (an t-ochtú CEF) don bhliain airgeadais 2021 |

**MOLADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**a bhaineann leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i dáil le cur chun feidhme oibríochtaí an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (an t-ochtú CEF) don bhliain airgeadais 2021**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Cheathrú Coinbhinsiún ACC-CEE arna shíniú in Lomé an 15 Nollaig 1989[1], arna leasú leis an gComhaontú lena leasaítear Ceathrú Coinbhinsiún ACP-CE Lomé arna shíniú in Oileán Mhuirís an 4 Samhain 1995[2],

---

1 IO L 229, 17.8.1991, lch. 3.
2 IO L 156, 29.5.1998, lch. 3.

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ar mhaoiniú agus riaradh cabhrach ón gComhphobal faoin Dara Prótacal Airgeadais a ghabhann leis an gceathrú Coinbhinsiún ACP-CE[1] ('an Comhaontú Inmheánach') lena mbunaítear, i measc nithe eile, an t-ochtú Ciste Eorpach Forbraíochta ('an t-ochtú CEF'), agus go háirithe Airteagal 33(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Airgeadais 98/430/CE an 16 Meitheamh 1998 is infheidhme maidir le comhar i maoiniú na forbraíochta faoin gceathrú Coinbhinsiún ACP-CE[2], agus go háirithe Airteagail 66 go 74 de,

---

[1] IO L 156, 29.5.1998, lch. 108.
[2] IO L 191, 7.7.1998, lch. 53.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Scrúdaigh an Chomhairle an cuntas ioncaim agus caiteachais agus an clár comhardaithe a bhaineann le hoibríochtaí an ochtú CEF mar a bhí an 31 Nollaig 2021 agus tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir leis na gníomhaíochtaí a maoiníodh leis an 8ú, an 9ú, an 10ú agus an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta don bhliain airgeadais 2021[1], mar aon leis na freagraí ón gCoimisiún atá sa tuarascáil bhliantúil sin.

(2) De bhun an Chomhaontaithe Inmheánaigh, tá Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle, le urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith bhainistiú airgeadais an ochtú CEF.

(3) Bhí an cur chun feidhme foriomlán a rinne an Coimisiún le linn na bliana airgeadais 2021 ar oibríochtaí an ochtú CEF sásúil,

---

[1] Féach an teachtaireacht ábhartha san Iris Oifigiúil, IO C 391, 12.10.2022, lch. 6.

AG MOLADH LEIS SEO go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme oibríochtaí an ochtú CEF don bhliain airgeadais 2021.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*